# Gnáthlaethanta

**Éist le ceithre mhír ina ndéanann daoine éagsúla cur síos ar na rudaí a dhéanann siad. Líon na bearnaí sna habairtí thíos.**

**Lisa:**

**1.** Éiríonn Lisa ag ________________________________.
**2.** Oibríonn sí san oifig ó ________________________ go dtí 4.30 p.m.
**3.** Téann sí go dtí _________________________________ le cairde go minic tráthnóna.

********************

**Éamonn:**

**1.** Ólann Éamonn caifé go minic timpeall _________________.
**2.** Tagann sé abhaile ag ____________________________________.
**3.** _________________________________________________ ag a 9.00 p.m.

********************

**Ciarán agus Eoin:**

**1.** Téann Eoin ar ais ag obair ag ______________________.
**2.** Itheann Ciarán lón in ______________________ in aice leis an stáisiún.

********************

**Frank:**

**1.** Déanann Sorcha an tsiopadóireacht ag _________________________.
**2.** Ólann sí _________________________________ ag 11.00 a.m.
**3.** Déanann sí _______________________________________ timpeall a 3.00 p.m.

********************

# Gnáthlaethanta
# Frank

**Léigh na treoracha agus freagair na ceisteanna seo a leanas:**

1. Léigh an sliocht seo a leanas amach os ard.

   Is mise Frank agus tá mé pósta le Sorcha. Tiomáineann Sorcha mé go dtí an obair agus ansin déanann sí an tsiopadóireacht díreach ina dhiaidh sin ag timpeall ceathrú tar éis a naoi. Ólann sí cupán tae nuair a bhíonn sí sa bhaile, ag a haon déag. Glanann sí an teach agus ansin déanann sí an dinnéar do na páistí timpeall a trí a chlog.

2. Cuir líne faoi na briathra sa sliocht thuas. Bí ag obair leis an duine in aice leat. An dtuigeann sibh an difríocht idir Tiomáin**im** agus Tiomáin**eann**?

3. Scríobh cúpla abairt faoi do ghnáth-Shatharn sa bhosca thíos ag baint úsáide as na briathra a roghnaigh tú ón script.

   Mar shampla: **Déanaim an tsiopadóireacht ag a haon a chlog.**

4. Léigh d'abairtí amach os ard don duine atá in aice leat. Éist go géar le do pháirtnéir chomh maith, beidh ort cur síos a dhéanamh ar a ghnáth-Shatharn don mhúinteoir!

# Gnáthlaethanta - Script

**1. Lisa:**

Is mise Lisa. Is rúnaí scoile mé. Éirím de ghnáth ag thart ar a seacht a chlog. Tiomáinim chun na scoile agus ithim mo bhricfeasta i gcistin na scoile ag a hocht a chlog. Bím i m'oifig ag leath i ndiaidh a hocht agus oibrím go dtí leath i ndiaidh a ceathair. Tráthnóna téim go dtí an teach tábhairne go minic le cairde.

**2. Éamonn:**

Éamonn Ó Dúill is ainm dom. Tá an áit a bhfuil mé i mo chónaí seacht míle ón oifig. Tá siopa beag caifé in aice na hoifige agus go minic ólaim caifé ansin timpeall ceathrú chun a naoi nó mar sin. Tosaím ag obair ag a naoi de ghnáth agus téim abhaile arís ag leath i ndiaidh a sé. Breathnaím ar an nuacht ar an teilifís i gcónaí ag a naoi a chlog.

**3. Eoin agus Ciarán:**

*Fón ag bualadh.*

**Eoin:** Haló.

**Ciarán**: Haigh Eoin, Ciarán anseo. Ar mhaith leat bualadh liom amárach?

**Eoin**: Ó ba bhreá liom. Cén t-am?

**Ciarán**: Cad faoi ceathrú tar éis a haon?

**Eoin:** Tá sin i gceart, ach téimse ar ais ag obair ag ceathrú tar éis a dó.

**Ciarán:** Ceart go leor. Bíonn lón agamsa san óstán in aice leis an stáisiún gach lá.

**Eoin:** Ó tá a fhios agam an áit, beidh mé ansin amárach.

**Ciarán**: Tá go maith. Slán go fóill.

**Eoin:** Slán.

**4. Frank:**

Is mise Frank agus tá mé pósta le Sorcha. Tiomáineann Sorcha mé go dtí an obair agus ansin déanann sí an tsiopadóireacht díreach ina dhiaidh sin ag timpeall ceathrú tar éis a naoi. Ólann sí cupán tae nuair a bhíonn sí sa bhaile, ag a haon déag. Glanann sí an teach agus ansin déanann sí an dinnéar do na páistí timpeall a trí a chlog.